



Páirc Ghaoithe  
na Gaillimhe  
Galway Wind Park



# **Tuarascáil um Thionchar Inbhuanaitheachta**

Samhain 2016

# Clár Ábhair

|                                                              |           |
|--------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>Comhpháirtithe tionscadail</b>                            | <b>2</b>  |
| <b>Eolas faoin tionscadal</b>                                | <b>3</b>  |
| <b>Maidir leis an tuarascáil seo</b>                         | <b>3</b>  |
| <b>Brollach</b>                                              | <b>5</b>  |
| <b>Páirc Ghaoithe na Gaillimhe: Achoimre Tionchair</b>       | <b>6</b>  |
| <b>Tionchair gheilleagracha</b>                              | <b>8</b>  |
| Slabhra soláthair áitiúil a fhostú                           | 8         |
| Focal ó sholáthraithe áitiúla                                | 10        |
| Ranníocaíocht le poist agus saibhreas                        |           |
| ar fud na hÉireann a ríomh                                   | 12        |
| Tá ról tábhachtach á imirt ag Cuan na Gaillimhe              | 15        |
| <b>Tionchair shóisialta</b>                                  | <b>16</b> |
| Rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil                       | 16        |
| Infheistiú in oidhreacht mharthanach: Ciste                  |           |
| Ciste Pobail Pháirc Gaoithe na Gaillimhe                     | 16        |
| Urraíocht phobail i rith na tógála                           | 17        |
| Ionad oibre sábháilte a chinntiú                             | 18        |
| Tionchair amhairc a íoslaghdú                                | 19        |
| <b>Tionchair ar an Timpeallacht</b>                          | <b>20</b> |
| Gradaim don chleachtas is fearr                              | 20        |
| Coigiltis charbóin a chothú                                  | 21        |
| Fuinneamh glas a chumhachtú                                  | 21        |
| Tairbhí comhshaoil a bhaineann le slabhra                    |           |
| soláthair áitiúil                                            | 22        |
| Ábhair a úsáid go hinbhuanaithe                              | 22        |
| Cosáin siúil áitiúla agus rochtain d'iascairí                | 22        |
| Oideachas éiceolaíochta                                      | 23        |
| Chun tairbhe na bithéagsúlachta                              | 24        |
| Dramhaíl ar an suíomh a íoslaghdú                            | 24        |
| <b>Tagarmharc a leagan don chaighdeán is fearr san aicme</b> | <b>25</b> |

## SSE

Is é cuspóir SSE an fuinneamh a theastaíonn ó dhaoine a chur ar fáil ar bhealach iontaofa agus inbhuanaithe. Is muid an soláthraí is mó de chumhacht ghaoithe in Éirinn agus an tríú gineadóir is mó fuinneamh de réir toilithe sa Mhargadh Fuinnimh Aonair uile-oileáin. Feidhmímid os cionn 1,800MV de chumas giniúna, a ngintear beagnach 550MV de ag ár 25 feirm ghaoithe ar fud oileán na hÉireann.

In 2015, choimisiúnaigh SSE an stáisiún cumhachta is nuaí agus is glaine in Éirinn, an stáisiún cumhachta CCGT 464 MW (gástuurbín comhthimthriallach) ag an Oileán Mór, Co. Loch Garman.

Ó 2011, d'infheistigh SSE os cionn €4 bhilliún, chuig geilleagar na hÉireann, nó timpeall €2m sa lá – ag cruthú post, ag cothú fostaíochta, ag tiomáint iomaíochais agus cruthú geilleagar níos glaise.

Is é branda miondíola SSE, SSE Airtricity, an dara soláthraí fuinnimh is mó ar oileán na hÉireann, ag soláthar leictreachas níos glaise agus gás nádúrtha chuig timpeall 800,000 teach agus gnólacht.

Ag SSE, teastaíonn uainn go mbeadh ár ngníomhartha agus ár gcinntí ar fad eiticiúil, freagrach agus cothrom, ag cuidiú le folláine chomhshaoil, shóisialta agus gheilleagracha a bhaint amach don ghlúin reatha agus do ghlúnta le teacht. Tá sé mar aidhm againn a bheith freagrach i ngach ní a dhéanaimid.



## Coillte

Cuideachta foraoiseachta tráchtála atá in Coillte a oibríonn i mbainistiú foraoise, déantús agus easpórtáil táirgí phainéal adhmaid nuálacha agus fuinneamh inathnuaite a bhunú trí ghaoth agus bhithmhais. Le 440,000ha de thalamh, Tá úinéireacht ag Coillte agus bainistíonn siad timpeall 7% de thalamh na hÉireann.

Chríochnaigh Coillte ceithre thionscadal feirm ghaoithe le 12 mhí anuas le hinfeistíocht iomlán os cionn €400m. Mar cheann de na comhfhorbairí um ghiniúint fuinnimh ar an gcladach is mó in Éirinn, cuireann Coillte go mór le giniúint fuinnimh in-athnuaite na hÉireann agus tá sé ar an mbealach lena uailmhian a bhaint amach chun 350MW de chumas a bheith suiteáilte faoi 2019.

Is iad Coillte chomh maith an soláthraí is mó áiseanna áineasa taobh amuigh in Éirinn lena n-áirítear 2,000km de bhealaí siúil, 150 suíomh áineasa agus 12 pháirc foraoise, agus tugtar 18m cuairt ar fhoraoisí Coillte gach bliain.

Ag Coillte, tá ár gcuid oibre CSR leabaithe inár n-éiteas inbhuanaitheachta. Mar mhaoir talún agus foraoisí, tuigimid an tábhacht a bhaineann le pobail áitiúla agus tiomáineann sé roinnt dár bpríomhbheartais, lena n-áirítear ár mbeartas foraois oscailte.

Cuireann ár Scéimeanna Sochar Pobail deis dúinn tógáil ar an obair atá á déanamh againn i ndáil lenár dtiomantais shóisialta, chomhshaoil agus gheilleagair. Cuireann sé ar ár gcumas dea-thoil a chur ar fáil, caidrimh, cuimsiú sóisialta agus comhoibriú pobail a fheabhsú.



# Comhpháirtithe tionscadail

Teastaíonn comhoibriú agus comhordú ó go leor páirtithe agus eagraíochtaí éagsúla ó thionscadal de scála Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe. Tá an caidreamh láidir idir príomhchonraitheoirí an tionscadail, mar aon le soláthraithe agus fochonraitheoirí, lárnach i seachadadh rathúil an tionscadail seo.



Tá **Siemens** ag déanamh, suiteáil agus coimisiúnú na dtuurbíní gaoithe do Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe. Cothóidh agus oibreoidh Siemens na tuurbíní gaoithe chomh maith thar ceann SSE tar éis na n-oibreacha suiteála a chríochnú. Tá Siemens i gcomhpháirt le cuideachtaí speisialta suiteála agus iompair tuurbíní gaoithe chun an tionscadal seo a sheachadadh.



Is é **Roadbridge** is the main civil works contractor for Galway Wind Park and is acting as project supervisor during the construction stage. Roadbridge believes in performing to the highest safety and environmental standards and is demonstrating its considerate constructor credentials at Galway Wind Park.



Tá **Suir Engineering** ag tabhairt faoi dhearadh, suiteáil agus réamhchoimisiúnú chórais sibhialta agus leictreachais ag fostaísiún eangáí Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe chun na tuurbíní gaoithe a cheangal leis an ngréille náisiúnta.



Tá **GMC** ag suiteáil an chábla 110kV faoi thalamh ó Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe (an Dún) go Baile an Bhriotaigh, chun dhá fhostaísiún leictreacha a cheangal. Rinneadh an obair seo i dtimpeallacht tuaithe agus uirbeach agus bhain druileáil threorach faoin gCoirib leis chomh maith.



Déanann **Kirby Group Engineering and Construction** dearadh, innealtóireacht, soláthar, tógáil agus coimisiúnú ar chórais tarchuir agus dáilte ardvoltais (HV) agus meánvoltais (MV). Tá oibreacha leictreachais a bhaineann leis an ngréasáin leictreach inmheánach do na tuurbíní ag Páirc Ghaoithe na Gaillimhe á ndéanamh ag Kirby.



## Eolas faoin tionscadal

Gráig d'fheirm ghaoithe is ea Páirc Ghaoithe na Gaillimhe ina bhfuil ceithre fheirm ghaoithe – an Chluais, Leitir Creamha Rua, Suí Con agus Ogúil. Tá 69 tuirbín ghaoithe ar fad ceadaithe le cumas greille iomlán 169MW.

Tá Céim 1 (64MW) den tionscadal, ar cuireadh tús lena tógáil i bhFeabhra 2015, faoi úinéireacht agus á maoiniú ag SSE agus is comhfhiontar 50/50 atá i gCéim 2 (105MW) idir SSE agus Coillte.

Nuair a chríochnófar é ag deireadh 2017, beidh sé ar an bhfeirm ghaoithe intíre is mó in Éirinn, ag a mbeidh an cumas chun dóthain fuinnimh ghlais chun timpeall 89,000 teach a chumhachtú. Is ionann é sin agus beagnach 80% de na tithe i gContae na Gaillimhe.

## Maidir leis an tuarascáil seo

Déantar achoimre i dTuarascáil um Thionchar Inbhuanaitheachta Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe ar roinnt de príomhthionchair ar inbhuanaitheacht – comhshaoil, sóisialta agus geilleagrach – mar thoradh ar an bhfeirm ghaoithe intíre is mó in Éirinn a thógáil.

Thug foireann Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe faoin anailís. Fáiltítear roimh aiseolas agus tuairimí chuig **[sustainability.ireland@sse.com](mailto:sustainability.ireland@sse.com)**. I gcomhair tuilleadh faisnéise faoi Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe, féach ar shuíomh gréasáin an tionscadail ar a bhfuil príomh-nuashonruithe: **[www.sse.com/galwaywindpark](http://www.sse.com/galwaywindpark)**.



An fhoireann tionscadail le baill an phobail ag pleanáil Conairí Corribdale



An chéad tuirbín suiteáilte go hiomlán ag Páirc Ghaoithe na Gaillimhe – Lúnasa 2016

# Brollach

**Tá fuinnimh in-athnuaite ag croí gheilleagar agus shochaí na hÉireann. Teastaíonn comhpháirtíocht láidir idir an rialta, tionscal agus pobail áitiúla chun spriocanna 2020 agus níos faide anonn na hÉireann um fhuinneamh athnuaite atá ina cheangal dlí a bhaint amach.**

Léirítear i bPáirc Ghaoithe na Gaillimhe an chaoi gur féidir le dá ceannasaí tionscail teacht le chéile chun an fheirm ghaoithe intíre is mó sa tír a seachadadh fad is a sheachadtar tionchair luachmhara gheilleagracha, shóisialta agus chomhshaoil ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Athbhreithniú atá sa tuarascáil seo ar na tionchair sin.

Trí fhuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a dháileadh, ní hamháin go bhfuilimid ag sásamh dúshlán an athraithe aeráide, ach táimid ag tapú na deise suntasaí a bhaineann le hinfheistíocht i bhfuinneamh glas do phobail agus do gheilleagar na hÉireann.

Déantar meas sa tuarascáil seo ar na hastaíochtaí carbóin a mhaolófar mar gheall ar Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe. Déantar measúnú ann chomh maith ar luach an tionscadail do gheilleagar agus margadh poist na hÉireann tríd an tionchar ar an gcaiteachas caipitil infheistithe go dtí seo a ríomh.

Cé gurb iad na tionchair ar astaíochtaí carbóin agus GDP na tionchair is suntasaí, tá a fhios ag an bhfoireann tionscadail, an pobal áitiúil agus geallsealbhóirí níos leithne go bhfuil i bhfad níos mó tionchar ó thionscadal den scála seo. Déantar iarracht sa tuarascáil seo solas a scaladh ar na tionchair sin chomh maith: gach rud ó chruthú poist áitiúil; rannpháirtíocht slabhra soláthair áitiúil; tacaíocht d'athghiniúint tuaithe; ábhair inbhuanaithe a úsáid; athchúrsáil agus íoslaghú dramhaíola; agus tacú le bithéagsúlacht áitiúil.

Mar fhorbróir freagrach, tá foireann tionscadail Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le luach a chur le pobail áitiúla i rith an phróisis forbartha. Is é sin an chúis gur oibríomar le bheith cruthaitheach inár gcur chuige agus go gcuirimid luach leis nuair is féidir linn.

Ag oibriú le hoideachas a chur ar leanaí áitiúla maidir le flóra agus ar fána; an talamh a chur ar ais mar a bhí ó thús, uaireanta á bhreisiú fiú; oibriú le conraitheoirí áitiúla le dul chun tairbhe an oiread daoine áitiúla agus is féidir ó na deiseanna geilleagracha a chruthaítear: is iad na gníomhartha seo an rud ceart le déanamh, ach tá ciall a baint leo ó thaobh an ghnó chomh maith. Tá ciall ag baint le gníomhaíochtaí ciallmhara agus measta a dhéanamh chun rath a chinntiú san fhadtéarma.

Táimid an-bhródúil as na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag ár bhfoireann. Creidimid go bhfuil a bhfreagrachtaí le daoine áitiúla á nglacadh go dáiríre acu. Is é ár gcuspóir leanúint ag tógáil ar an ráth seo agus chun oidhreacht mharthanach a fhágáil a fhanfaidh i bhfad tar éis an tionscadail a chríochnú.

Tá SSE agus Coillte ag súil le tógáil a chríochnú agus leanúint lenár gcomhpháirtíocht rathúil i rith shaolré na feirme gaoithe is fearr sa tír.



**Gregor Alexander,  
Stiúrthóir  
Airgeadais, SSE**



**Mark Foley,  
Stiúrthóir  
Bainistíochta Coillte  
Land Solutions**





**89,000** teach

Dóthain cumhachta ginte chun  
80% de thithe i gCo. na Gaillimhe  
a chumhachtú



PÁIRC  
GHAOITHE

**190,000 tCO<sub>2</sub>**

astaíochtaí coigilte i  
gcomparáid le breoslaí  
iontaise i mbliain amháin

**‘Sármhaitheas in  
Inbhuanaitheacht’**

Buaiteoir ag Gradaim Thionscal  
Tógála na hÉireann 2016



TAR ARD

**€150,000**

bronnta ar ghrúpaí pobail i rith  
tógáil agus

**ciste pobail  
ilmhilliún euro**

ar fáil i rith oibríochta

**€88.7m** curtha le GDP na  
hÉireann agus níos mó ná

**1,657** bliain d'fhostaíocht  
lánaimseartha arna thacú in Éirinn  
mar thoradh ar chaiteachas tógála

MAIGH CUILINN

**63%** d'oibrithe conartha

sibhialta **43%** d'oibrithe  
conartha eangaí ina gcónaí laistigh  
de 30km den suíomh ag buaicphointe  
na tógála

CATHAIR NA GAILLIMHE

CUAN NA GAILLIMHE

**€20m**

caite go díreach  
le soláthraithe  
agus conraitheoirí  
laistigh de 30km  
den suíomh

## Achoimre Tionchair Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe

# Tionchair gheilleagracha

**Tá Coillte agus SSE tiomanta do thodhchaí níos glaise na hÉireann, pobail áitiúla agus an geilleagar áitiúil a chumhachtú. I rith an tionscadail go dáta, léiríomar an tiomantas seo trí rannpháirtíocht láidir ó sholáthraithe agus oibrithe áitiúla a spreagadh.**

Go dtí seo, caitheadh timpeall €130m ar an tionscadal, agus timpeall leath de chaiteachas iomlán an tionscadail fós le caitheamh. Tá sé mar chroí-chuspóir ag Tionscadal Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe go n-uasmhéadaítear tionchar geilleagrach an tionscadail do phobail agus gnólahtáí áitiúla, mar aon le dul chun tairbhe daoine ar fud na hÉireann. Mar aon le cruthú post agus gnó i rith na tógála, cruthófar fostaíocht fadtéarmach do suas le 14 ball foirne oibríochta.

## Slabhra soláthair áitiúil a fhostú

Ag léiriú tiomantas an tionscadail do rannpháirtíocht slabhra soláthair áitiúil, reáchtáladh imeacht 'Buail leis an gCeannaitheoir' agus os cionn 120 gnólacht agus cónaitheoir áitiúil i láthair agus ag clárú a spéise.

Chuir os cionn 100 gnólacht áitiúil táirgí agus seirbhísí ar fáil chun seachadadh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe a éascú, lena n-áirítear soláthraithe áitiúla cloiche, coíncreíte, cruach, tarlaithe, gléasra agus innealra, trealamh eangaí fostáisiúin, seirbhísí lónadóireachta agus slándála.

Taispeántar i bhfaisnéis a chuir conraitheoirí na foirne, Roadbridge, Suir Engineering agus GMC Utilities, ar fáil gur caitheadh os cionn €20m le fochonraitheoirí agus soláthraithe áitiúla go dtí seo.



**€20m**

caite le  
soláthraithe  
áitiúla

## Slabhra soláthair áitiúil agus fostaithe áitiúla

### Conradh um oibreacha sibhialta\*

|                                                                                    |           |
|------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| Caiteachas ar innealra agus saothar le fochonraitheoirí áitiúla (laistigh de 30km) | 44% (€5m) |
| Caiteachas ar ábhair agus seirbhísí le soláthraithe áitiúla (laistigh de 30km)     | 53% (€8m) |
| Oibrithe suímh ina gcónaí laistigh de 30km ó shuíomh Pháirc Ghaoithe na Gaillimh   | 63%       |
| Oibrithe suímh ina gcónaí laistigh de 10km ó shuíomh Pháirc Ghaoithe na            | 23%       |

### Grid works contract\*\*

|                                                                                    |             |
|------------------------------------------------------------------------------------|-------------|
| Conradh um oibreacha greille**                                                     | 40% (€2.4m) |
| Caiteachas ar innealra agus saothar le fochonraitheoirí áitiúla (laistigh de 30km) | 25% (€1.5m) |
| Oibrithe suímh ina gcónaí laistigh de 30km ó shuíomh Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe  | 43%         |
| Oibrithe suímh ina gcónaí laistigh de 10km ó shuíomh Pháirc Ghaoithe na            | 32%         |

\*Sonraí arna gcur ar fáil ag Roadbridge amhail Lúnasa 2016 \*\* Sonraí arna gcur ar fáil ag Suir Engineering amhail Lúnasa 2016





Seachadadh tuirbíní chuig an suíomh



# Focal ó sholáthraithe áitiúla



*"Tá mé páirteach i bPáirc Ghaoithe na Gaillimhe ó thosaigh an tionscadal ar dtús. Mar fhear gnó áitiúil, tá mé buíoch go bhfuair mé deis oibriú ar thionscadal chomh mór sa cheantar. Cuireann mo chuideachta trealamh gléasra trom ar fáil don tionscadal.*

*Tá mé sásta a rá, mar thoradh ar a bheith ag obair ar an tionscadal, go raibh mé in ann infheistíocht shuntasach a dhéanamh in innealra nua, agus go raibh mé in ann fostaíocht a chur ar fáil do sheisear daoine áitiúla breise, gan trácht ar na poist a chruthaigh gnólachtaí áitiúla eile a úsáidim chun mo threalamh a choinneáil ag feidhmiú.*

*Maidir leis an todhchaí, tá obair in áiteanna eile sa tír faighte agam cheana mar gheall ar a bheith ag obair ar an tionscadal seo."*



**Niall Curran, Niall Curran Plant Hire, Maigh Cuilinn**





Suiteáil boinn tuirbíní ar an suíomh

*"Mar ghnó áitiúil, tá áthas ar Lydon Steel a bheith ar cheann de sholáthraithe móra Roadbridge chuig tionscadal Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe. Cuirimid cruach ar fáil do bhoinn na dtuirbíní gaoithe."*

*"Ní hamháin gur cheadaigh ár mbaint leis an tionscadal dúinn ár ngnó a fhás go suntasach timpeall 20%, ach go ríthábhachtach, bhíomar in ann triúr breise a fhostú ag tabhairt fostaíocht don cheantar áitiúil a bhí ag teastáil go géar."*

*"Táimid bródúil chomh maith gur chuireamar ar bhealach éigin le foinse fuinnemh in-athnuaite a thabhairt go Gaillimh."*

**Tom Gilligan, Lydon Steel**







# Ranníocaíocht le poist agus saibhreas ar fud na hÉireann a ríomh

Faoin am a mbeidh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe oibríochtúil ag deireadh 2017, beidh os cionn €270m caite i rith na céime tógála. Nuair is féidir, tá sé mar aidhm ag foireann Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe oibrithe áitiúla a fhostú agus gnólachtaí Éireannacha a úsáid chun earraí agus seirbhísí a sholáthar don tionscadal seo. Mar shampla, rinne conraitheoirí agus fochonraitheoirí Éireannacha go leor den phleanáil, forbairt, monatóireacht chomhshaoil, réiteach suímh agus oibreacha sibhialta.

Tá leithdháileadh suntasach den chaiteachas a chaithfear ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil an cumas teicniúil in Éirinn a sholáthar faoi láthair, cosúil leis na tuirbíní gaoithe iad féin. Is ionann na tuirbíní gaoithe agus níos mó ná leath de chaiteachas iomlán an tionscadail, agus na comhábhair mhóra á ndéanamh sa Danmhairg agus na túir thuirbín ag teacht ó tSín agus ó Vítneam: tíortha a bhfuil saineolas forbartha acu sa teicneolaíocht ghaoithe. Ach, trí bhearta a ghlacadh cosúil le lanna tuirbíní agus comhábhair a sheachadadh trí Chuan na Gaillimhe, rachaidh an ghníomhaíocht seo chun tairbhe an gheilleagair áitiúil a mhéid agus is féidir.





Suiteáil tuirbíní ar siúl ag Páirc Ghaoithe na Gaillimhe

Úsáideadh an tsamhail gheilleagrach Ionchur-Aschur (I-O) chun tionchar geilleagrach an tionscadail ar gheilleagar níos leithne na hÉireann a ríomh. Meastar sa tsamhail seo tionchar díreach ó chaiteachas tionscadail in Éirinn, mar aon leis an toradh cuilitheach ar fud an gheilleagair ó chaiteachas soláthraí agus conraitheora agus fostaithe ag caitheamh a bpá.

Agus úsáid a baint as na sonraí caiteachas go dtí deireadh Dheireadh Fómhair 2016, measadh an ranníocaíocht gheilleagair le hOlltáirgeacht Intíre na hÉireann (GDP) mar aon le blianta fostaíochta lánaimseartha arna dtacú. Ina iomláine, tá tógáil Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe freagrach as tacú le 1,657 bliain d'fhostaíocht lánaimseartha in Éirinn agus as níos mó ná €88.7m a chur le geilleagar na hÉireann.



**€88.7m**  
curtha le GDP



**1,657 bliain**  
d'fhostaíocht arna tacú





**Seachadadh lann turbíní Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe chuig Cuan na Gaillimhe**

**Ag comhrá: Leis an  
gCaptaen Bob Ellis**  
Leas-mháistir Cuain

# Tá ról tábhachtach á imirt ag Cuan na Gaillimhe

## **An féidir leat beagán a insint dúinn faoi do ról?**

*Is mise an Leas-mháistir Cuain ag Cuan na Gaillimhe agus freagrachtaí ar leith orm maidir le gnéithe de sheachadadh tuirbíní do Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe a sceidealú agus a chomhordú.*

## **An é seo an chéad uair a tháinig comhábhair de thuirbíní gaoithe trí Chuan na Gaillimhe?**

*Cé gurb é seo an tionscadal um fhuinneamh gaoithe is mó i bhfad a láimhseáil Cuan na Gaillimhe, is é seo an cúigiú tionscadal um fhuinneamh gaoithe le teacht trínár n-áiseanna. Go deimhin, mar gheall ar ár dtaithí agus cumas atá ag méadú, táimid in ann chomh maith 10 n-acra talún a leagan i eataobh agus a shainiú ag an gcuan chun seachadadh agus stóras leanúnach na gcomhábhar don tionscadal de scála mór seo a éascú.*

## **Cén chaoi a ndearnadh an nasc idir Cuan na Gaillimhe agus Páirc Ghaoithe na Gaillimhe?**

*I rith an imeachta um shainchomhairliúchán poiblí maidir le Páirc Ghaoithe na Gaillimhe, fuair mé eolas ar an tionscadal agus pleananna seachadta do chomhábhair tuirbín. Nuair a chuir mé i láthair an deis chun comhábhair a thabhairt trí Chuan na Gaillimhe, léirigh an fhoireann áitiúil na dúshláin bhonneagair i nGaillimh ach bhí fonn orthu an rogha a fhiosrú agus féachaint an bhféadfaí na saincheisteanna seo a sháru.*

*Bhí a fhios agam go bhféadfaí na heasnamh a éiteach, agus go raibh fonn ar Chuan na Gaillimhe an tseirbhís a chur ar fáil, mar*



*sin thosaigh mé ag obair air. Tá Páirc Ghaoithe na Gaillimhe tiomanta don tairbhe is mó agus is féidir a fháil don gheilleagar áitiúil agus bhí fonn ar an bhfoireann áitiúil é seo a bhaint amach. 15 D'oibríomar go dlúth leis an bhfoireann tionscadail chun na príomhdhúshláin bhonneagair agus theicniúla a réiteach agus rinneadh iarratas le Siemens, soláthraí tuirbín an tionscadail, le teagmháil a dhéanamh.*

## **Cé chomh tábhachtach is atá an tionscadal do Chuan na Gaillimhe?**

*Tá sé an-tábhachtach d'inbhuanaitheacht leanúnach Chuan na Gaillimhe go bhfuilimid in ann tabhairt faoin tionscadal seo agus muid ag fanacht ar chinneadh deiridh maidir leis na pleananna reatha do háiseanna nua calafoirt le cumas méadaithe. Go geilleagrach, léiríonn sé cuid shuntasach d'ioncam mara an Chuain sna dá bhliain amach romhainn. I ndáil le fostaíocht, seachas an fórsa saothair reatha, tá sé lárnach chun suas le 25 post breise a sholáthar go háitiúil thar amfhráma an chláir seachadta le tuilleadh fostaíochta á cruthú ó sheirbhís coimhdeacha nó forlíontacha a úsáideann an cuan.*



# Tionchair shóisialta

**Aithníonn foireann Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe go mbíonn tionchar ag forbairtí ar phobail áitiúla, go háirithe i rith na céime tógála. Tá obair bhuíne, iontaobhas agus comhoibriú le geallsealbhóirí an phobail áitiúil rithábhachtach chun tionscadal rathúil a oibríonn do gach duine a chinntiú.**

Forbraíodh clár pobail agus cuireadh in oiriúint é le cineál sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha ar leith an réigiúin. Agus é suite 30 nóiméad ó chathair na Gaillimhe, tá roinnt bailte agus sráidbhailte gar don tionscadal. Tá rannpháirtíocht agus cumarsáid leanúnach le pobail an Dúin, Ros Cathail, Seanadh Phéistín, Mhaigh Cuilinn, Uachtar Ard agus cathair na Gaillimhe ina mhórchuid den tionscadal go dáta, go háirithe agus é ag bogadh ó chéimeanna forbartha go réamhthógála agus tógála.

Glacann SSE agus Coillte a ngealltanais le bheith ina gcomharsan maith go dáiríre, agus tá sé mar aidhm acu a chinntiú go sásaítear riachtanas comhairliúcháin, rannpháirtíochta agus tairbhe fadtéarmach an phobail.

## Rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil

Ó thús an tionscadail, aithníodh roinnt spriocanna chun an cleachtas is fearr tionscail a léiriú chun tionscadal fuinnimh mórsála a sheachadadh, agus fócas ar leith ar oibriú go dlúth le pobail. Tá trí shraith sa chur chuige – comhairliúchán luath, cumarsáid mhinic, agus na tairbhí a thaispeáint go gníomhach.

Díríonn foireann Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe ar chónaitheoirí áitiúla, grúpaí pobail, gnólachtaí agus ionadaithe polaitiúla a choinneáil ar an eolas de réir mar a théann an tionscadal chun cinn. Bainistíonn an fhoireann chaidreamh poiblí an caidreamh seo idir an pobal agus an tionscadal go gníomhach. Ag oibriú le chéile, tá réimse tairbhí intomhaiste á seachadadh – cruthú post, tacú le gnólachtaí, tionscnaimh oideachais a sheachadadh agus tacú le grúpaí pobail áitiúla.

Áiríodh le modhanna rannpháirtíochta áitiúil imeachtaí comhairliúcháin pobail; cruinnithe agus ceardlanna áitiúla; clár urraíochta pobail; cuairteanna ó dhoras go doras; nuachtlitreacha tionscadail i mBéarla agus i nGaeilge; agus cuairteanna suímh geallsealbhóra. I rith na tógála, cuirtear bealaí siúil malartacha ar fáil d'úsáideoirí áineasa mar chuid de bheartas forais oscailte Coillte.

## Infheistiú in oidhreacht mharthanach: Ciste Páirc Ghaoithe na Gaillimhe

Is é cuspóir SSE agus Coillte oidhreacht mharthanach agus leanúnach a fhágáil fhanfaidh i bhfad tar éis Páirc Ghaoithe na Gaillimhe a thógáil.

Tá sé sceidealaithe go mbeidh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe iomlán oibríochtúil in 2017, agus ina dhiaidh sin bunóidh SSE agus Coillte go comhphárteach ciste pobail a rachaidh chun tairbhe an phobail áitiúil, mar aon leis an gceantar níos leithne, thar shaol 25 bliain na páirce gaoithe. Táthar ag súil go scoiltfear an ciste idir ciste pobail áitiúil ilmhilliún euro agus ciste réigiúnach ilmhilliún euro.

Beidh Ciste Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe ar an gciste pobail fheirm ghaoithe is mó a bunaíodh in Éirinn go dáta.



**€150,000**

ciste urraíochta pobail  
i rith na tógála



**Ciste pobail  
infheistíochta**

ilmhilliún euro i rithe na  
hoibríochta

## Urraíocht phobail i rith na tógála

Aithníonn SSE agus Coillte go mbaineann an infheistíocht i nginiúint in-athnuaite ag Páirc Ghaoithe na Gaillimhe tairbhí as comhoibriú an phobail áitiúil ar bhealaí éagsúla, go háirithe i rith chéim na tógála.

D'infheistigh na cuideachtaí os cionn €150,000 le tacú le níos mó na 30 tionscadal áitiúil trína Chlár Urraíochta do Chéim na Tógála, chun cistí a chur ar fáil do scoileanna, clubanna spóirt agus tionscadail turasóireachta áitiúil.

Áirítear le grúpaí pobail a bhain tairbhe ónár gclár urraíochta go dáta:

- Conairí Corribdale, Uachtar Ard
- Cumann Pheil na mBan Mhaigh Cuilinn
- Cró na bhFear Maigh Cuilinn
- CLG Chill Aithnín
- Coiste Páirce Chill Aithnín
- Cumann Rámhaíochta
- Cumann Peile Cheantar Uachtar Ard
- Foireann Cispheile Naomh Pól
- Gairdín Céadfach Uachtar Ard
- Gasóga Chill Aithnín
- Cumann Cispheile na Coiribe
- Cumann Rugbaí Uachtar Ard
- Rothaíocht Spraoi Bhaile Nua
- Gasóga Uachtar Ard
- Ospís na Gaillimhe
- Club Iascaireachta Chaladh na Muc
- Cumann Lúthchleasaíochta na Coiribe
- Cumann Cispheile na Coiribe
- Cumann Iománaíocht Emmets Mhionlaigh
- Scor Gníomhach Mhaigh Cuilinn
- Comhdháil um Néaltrú Tuaithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Seó Talmhaíochta Uachtar Ard
- Scéim Cosáin Ros Cathail
- Cispheil Mhaigh Cuilinn
- Aimsigh Uachtar Ard
- Teach Cúirte Uachtar Ard
- Sonas (Scor Gníomhach Mhaigh Cuilinn)
- Comórtas Mhaigh Cuilinn
- Scor Pobail Uachtar Ard
- Rothair Fola





## Ionad oibre sábháilte a chinntiú



Tá sláinte agus sábháilteacht fostaithe agus an pobal áitiúil ian phríomhthosaíocht ag Páirc Ghaoithe na Gaillimhe, agus ina luach lárnach do gach comhpháirtí sa tionscadal. Is é is ciall leis seo go gcuirtear na himpleachtaí sábháilteachta san áireamh agus gach cinneadh a dhéanamh ag an bhfoireann tionscadail.

Áirítear le hoiliúint sábháilteacht leanúnach ar an suíomh feasacht chomhshaoil, freagairt éigeandála um doirteadh, garchabhair, druileanna éigeandála, insealbhuíthe tionscadal, faisnéisiú laethúil réamhthasc agus cainteanna seachtainiúla bosca uirlisí. Thug an fhoireann isteach córas chomh maith chun breithnithe sábháilteachta agus comhshaoil suímh (SEARs) a thaifeadadh. Cuirtear breithnithe agus/nó inní isteach gan ainm trí bhoscaí bailiúcháin ar fud an tsuímh. Úsáidtear an fhaisnéis ansin chun réimsí feabhais a bhunú.

Áirítear le tionscnaimh sláinte ar an tionscadal cuairteanna rialta chuig an suíomh ó altra sláinte poiblí, feachtais um fheasacht sláinte, bia sláintiúil á chur chun cinn ar an suíomh, a cuirtear ar fáil go laethúil do gach oibrí saor in aisce, agus leabhráin um itheachán sláintiúil a chuireann oifigigh sábháilteachta ar fáil.

Mar aon le fostaithe agus conraitheoirí a choinneáil sábháilte a an suíomh, glacann an fhoireann tionscadal tuilleadh gníomhartha lena dhéanamh cinnte go gcoinnítear pobail áitiúla sábháilte chomh maith. Mar shampla, thug an fhoireann pacáistí um shábháilteacht gheimhridh do chónaitheoirí áitiúla sa Dún i mí na Nollag 2015.



**Fostáisiún Ogúla á thógáil**





## Tionchar amhairc a íoslaghdú



Tá tionchar amhairc Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe a mhaolú ina phríomhrún ag an tionscadal. Cuireadh na turbíní gaoithe ina n-áit go cúramach i rith na céime pleanála ionas go laghdófaí an tionchar amhairc, fad a chinntítear leibhéil láidre aschur fuinnimh.

Chun an tionchar amhairc ó na fostáisiúin a íoslaghdú, tá réitigh nuálacha úsáidte ag foireann Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe. Mar shampla, laghdaíodh méid fostáisiún Chnoc Raithní agus Ogúla go suntasach trí lascthrealamh speisialaithe a úsáid, arbh fhéidir a shuiteáil laistigh d'fhoirgneamh seachas thar achar mór taobh amuigh.

Cuireadh cumhdra de phainéil ghlasa aitiil ionas go mbreathnóidh sé cosúil leis an bhforaoiseacht bhuaircíneach mórthimpeall air, agus ag Ogúil cuireadh clocha a fuair saor cloiche áitiúil ar an suíomh ar éadan an fhoirgnimh ionas go luífeadh sé níos fearr leis an timpeallacht.

Cuirfeadh beirm mhóna chomh maith timpeall ar an gceantar ina mbeidh crainn chun na forbairtí a scáthú a thuilleadh.



# Tionchair ar an Timpeallacht

**Déanfaidh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe ranníocaíocht suntasach le giniúint fuinnimh agus dícharbónú cumhachta náisiúnta na hÉireann a ghlasú ar fud an oileáin.**

Cuideoidh sé le sprioc 2020 na hÉireann de chinntiú go dtagann 16% den idiú iomlán fuinnimh deiridh ó fhuinneamh in-athnuaite, mar aon le cuidiú le hÉirinn a pháirt a imirt i gcloí le sprioc aeráide an AE de laghdú 20% in astaíochtaí a chinntiú ó bhonnlíne 2005, agus an fhíse níos fadtéarmaí d'Éirinn a iompú ina shochaí agus ina gheilleagar ísealcharbóin faoi 2050.

Tá saibhreas luach éiceolaíochta agus comhshaoil ag suíomh na páirce gaoithe don cheantar áitiúil. Ó thús an tionscadail, tugadh go leor cúraim agus aird ar fhorbairt an tsuimh chun na drochthionchair féideartha ar an timpeallacht áitiúil a íoslaghdú a mhéid.

## Gradaim don chleachtas is fearr

Bhuaigh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe agus cuireadh ar ghearrliosta muid i gcomhair roinnt gradam comhshaoil agus inbhuanaitheachta go dtí seo mar thoradh ar iarrachtaí chun an comhshaoil a chosaint agus mar gheall ar cur chuige inbhuanaithe foriomlán an tionscadail.

- Buaiteoir Sármhaitheas in Inbhuanaitheacht ag Gradaim Thionscal Tógála na hÉireann 2016.
- Babhta ceannais do ghradam Thionscal Glas na Bliana ag Gradaim Thionscal Tógála na hÉireann 2016.
- Babhta ceannais chomh maith don Ghradam Green Construction ag na Gradaim Ghlasa 2016.
- Rinne Achilles, eagraíocht ón RA a dhéanann iniúchadh ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta cuideachtaí agus a slabhra soláthair, iniúchadh seachtrach ar an tionscadal, agus bronnadh scór 100% air sa chatagóir 'Comhshaoil' mar léiriú ar na córais inbhuanaitheachta a úsáideadh ar an tionscadal.



### Coigiltis charbóin a chothú

Sábhálfar timpeall 190,000 tona d'astaíochtaí CO<sub>2</sub> mar thoradh ar chéad bhliain de ghiniúint fuinnimh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe i gcomparáid le breoslaí iontaise. Tarlóidh sé seo mar gheall go dtáirgfí an fuinneamh ar bhealach eile trí mheascán de ghiniúint fuinnimh diancharbóin, cosúil le gual agus ola.

Thar am, leanfaidh na coigiltis in astaíochtaí CO<sub>2</sub> a bheith suntasach gach bliain ach laghdóidh siad de réir a chéile de réir mar a bhogann eangach fuinnimh na hÉireann ó bhreoslaí iontaise diancharbóin i dtreo foinsí nach bhfuil chomh dian ar charbóin.



## 190,000 tCO<sub>2</sub>

astaíochtaí coigilte sa chéad bhliain

### Fuinneamh glas a chumhachtú


Galway Wind Park is predicted to generate enough renewable energy to power the equivalent of approximately 89,000 homes every year, equivalent to almost 80% of the homes in Co. Galway.

This calculation is based on typical annual consumption (source: Commission for Energy Regulation) and a one-year average of the recorded capacity factors of SSE wind farms operating on the island of Ireland, from April 2015 to March 2016. Historic figures are for guideline purposes only – the actual future performance at Galway Wind Park may vary.



## 89,000 homes

le cumhacht ó fhuinneamh in-athnuaite





## Tairbhí comhshaoil a bhaineann le slabhra soláthair áitiúil

Trí shlabhra soláthair saothair, trealaimh agus ábhar áitiúil a chur chun cinn go gníomhach nuair is indéanta, tá tionscadal Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe ag cur teorainn lena thionchar carbóin trí thionchair chomhshaoil an iompair a laghdú. Tá sonraí maidir leis an gcaiteachas áitiúil agus an líon oibrithe áitiúla laistigh de 30km agus 10km ar fáil ar leathanach 8.

Thug an tionscadal seo isteach chomh maith roinnt tionscnamh chun astaíochtaí ó fheithiclí a laghdú a thuilleadh.



### Socrúithe **Carr roinnte**

do 50 carr agus mionveain ag iompar oibrithe ón bhfoireann tógála chuig agus ón suíomh.



**Ar an meán** cuireadh 68% de bhonneagar an tionscadail ar fáil ó shloic soláthair ar an suíomh.



### Cuireann **ceaintíní ar an**

**suíomh** bricfeasta agus dinnéar te ar fáil do gach oibrí go laethúil, ag íoslaghdú an gá le taisteal.



Tógadh **tithe** ar cíós sa cheantar áitiúil don 17 fostaí a bhfuil tamall fada le taisteal acu. Tá socrú carr roinnte i bhfeidhm ó na tithe seo go dtí an suíomh tógála.

## Ábhair a úsáid go hinbhuanaithe

Is é an t-innealra trom is mó a úsáideann fuinneamh i rith na gníomhaíochta tógála, mar sin rinne an fhoireann tionscadail gníomh chun astaíochtaí a laghdú ó na míreanna seo agus bearta um choigilt fuinnimh a thabhairt isteach ar an suíomh lena n-áirítear:



### In ionad **stroighín**

suíomh, úsáidtear anois slaig fóirnéise soinneáin mheilte ghránaithe (GGBS), a fotháirge de dhéantúsaíocht cruach, agus dá réir sin níl astaíocht CO<sub>2</sub> ar bith go praiticiúil ann mar aon le saolré níos faide.



Mar gheall ar fhoinsé cumhachta **cadhnra** i gcomhair riachtanais seachbhuaice agus oíche leictreachais in oifigí an champúin, sa cheaintín agus do fhreastalaithe TF, coiglíodh timpeall 271 tona CO<sub>2</sub>e (comhionann dé-ocsaíd charbóin) in aghaidh na bliana thar astaíochtaí gineadóra traidisiúnta.



### **Monatóireacht mhíosúil:**

mar gheall ar mhonatóireacht mhíosúil ar éifeachtúlacht fuinnimh innealra nua ó dhéantúsóirí, mar aon le gnéithe atá tíosach ar fhuinneamh cosúil le múchadh uathoibríoch inneall agus modh comhshaoil d'obair ísealfhuinneamh laghdaíodh an úsáid bhreosla timpeall 25%.

## Cosáin siúil áitiúla agus rochtain d'iascairí

Tá an fhoireann tionscadail feasach ar ghníomhaíochtaí áineasa sa cheantar áitiúil, mar sin cuireadh cosáin siúil mhalartacha ar fáil i rith na tréimhse tógála. Tá dúnadh reatha tailte na Cluaise sealadach agus cuirfear beartas um fhoraíocht oscailte Coillte i bhfeidhm arís a luaithe agus is féidir tar éis na tógála agus nuair a bheidh sé sábháilte.



Féadfaidh coisithe teacht ar Loch Leitir Creamha Rua trí bhealach 2.5km, agus freastalaíonn bealach siúil malartach 6.4km i mBoth Bhuí ar shiúlóirí ó thaobh bhóthar an Leitir. Tá trí shuíomh áineasa Coillte chomh maith sa cheantar chomh maith ag Leic Aímhréidh, sa Sráidbhaile Nua agus ag Doire Abhra. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig suíomh gréasáin Coillte Outdoors: [www.coillteoutdoors.ie](http://www.coillteoutdoors.ie).



Níl uinéireacht ag Coillte ar na cearta iascaireachta sna lochanna sa cheantar áitiúil ach tá comhaontú ann le foireann an tsuímh thógála go dtabharfar iascairí, má thagann siad chuig an bpríomhghheata, tríd an suíomh, go dtabharfar rochtain dóibh ar na lochanna. Thacaigh an fhoireann chomh maith le Cupán Iascaireachta Páirc Ghaoithe na Gaillimhe le há bhliain anuas, agus os cionn 35 iascaire páirteach.

# Oideachas éiceolaíochta

Úsáideann straitéis for-rochtana oideachais Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe uirlisí rannpháirtíochta cosúil le cuairteanna scoile, turais chuig an suíomh, cainteanna oideachasúla, comórtais scoile agus tacaíocht do chlár oideachais agus comhshaoil áitiúla. Anseo thíos tá roinnt samplaí den chaoi gur chuir an fhoireann tionscadail oideachas pobail ar fáil don cheantar áitiúil.

## #1

### Fiadhúlra agus gnáthóga geimhridh Chonamara

Reáchtáil foireann chomhshaoil Roadbridge comórtas grianghrafadóireachta scoile áitiúil chun feachtas a ardú ar bhithéagsúlacht i measc leanaí áitiúla agus chun daltaí a spreagadh chun an tuath a fhiosrú. Fuair an fhoireann os cionn 45 iontráil ó dhaltaí, ach ba é grianghraf Grace Hooper, 13 bliana (ardheis) a roghnadh mar bhuaiteoir. Tugadh cóip i bhfráma dá grianghraf agus ceamara digiteach ó Roadbridge do Grace ag searmanas scoile. Bronnadh ceamara GoPro chomh maith ar an scoil le tacú le tionscadail bhithéagsúlachta amach anseo.



## #2

### Na céadfaí á shaothrú

I gcomhar leis an 'nGrúpa Gairdín' ag Ionad Acmhainní Teaghlaigh Clann, Uachtar Ard, rinne foireann Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe tabhartas le haghaidh crann, tor agus bleibeanna bláthanna, mar aon le cúnamh praiticiúil a chur ar fáil chun an Gairdín Céadfach a sheachadadh ar Bhóthar an Stáisiúin. Dearadh an gairdín chun plandaí agus ábhair a úsáid chun na céadfaí a spreagadh agus chun spás teiripeach agus suaimhneach a chruthú. Áit tharraingteach don fhiadhúlra a mheallfaidh feithidí a dhéanann pailniú atá ann. Áirítear ar phleananna amach anseo go gcuirfear níos mó plandaí agus go suiteáilfear suíochán sa ghairdín.

## #3

### Tionscadal ag Scoil Chuimín agus Caitriona, Uachtar Ard

Chaith seisear ó Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe leathlá ag cabhrú le hathfhorbairt agus tírdhreachú cheapach bláthanna mór os comhair na scoile. Seachadadh roinnt leoraithe de bharrithir chuig an scoil. Chuir conraitheoir sibhialta Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe, Roadbridge, tochtaltóir ar fáil le cabhrú leis an obair. Tugadh dearbhán don scoil chunplandaí a cheannach don taispeántas bláthanna, agus chuaigh an fhoireann ar ais chuig an scoil le cúnamh a thabhairt do na gasúir le bleibeanna bláthanna crainn fia-úll agus lus na gréine a chur.



## #4

### Boscaí éan agus ialtóg do scoileanna áitiúla

D'oibrigh an fhoireann i bpáirt le Cró na bhFear i Maigh Cuilinn chun boscaí adhmaid éin agus ialtóg a thógáil do bhunscoileanna áitiúla; agus é mar aidhm acu tuiscint na ngasúr scoile ar bhithéagsúlacht agus éanlaith áitiúil a bhreisiú. Thug baill den fhoireann tionscadail cuairt ar Scoil Náisiúnta Mhaigh Cuilinn, Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua, Scoil Náisiúnta Naomh Aithnín, agus Scoil Náisiúnta Thulaigh Mhic Aodháin chun na boscaí éin agus ialtóg a bhronnadh orthu agus bualadh leis na daltaí



## Chun tairbhe na bithéagsúlachta

Chinntigh sonraí a bailíodh don Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) dearadh optamach don tionscadal agus tá sé mar bhonn agus taca faoi láthair leis na modhanna tógála a úsáidtear ar an suíomh. Cuideoidh roinnt beart breise bithéagsúlachta agus bainistíochta gnáthóige a thuilleadh chun tionscadal inbhuanaithe a dhéanamh de seo, ina thógáil agus ina oidhreacht fadtéarmach leis an gceantar. Áirítear le samplaí:



Déanann foireann éiceolaíochta ar an suíomh monatóireacht mhíosúil ar éan uisce géim geimhridh agus daonraí éan póraithe faoi chosaint..



Rinneadh próiseas díothaithe trí inmhiolú Ghlúineach Bhiorach agus Róslabhras neamhdhúchais, ionrach ar an suíomh a chóireáil agus a bhaint.



Tá an drúchtín ballach faoi chosaint ag dlí an AE agus na hÉireann. Mar thoradh, rinneadh suirbhé agus ceacht trasghluaiseachta chun an daonra áitiúil a chosaint.



Tugadh faoi ath-insealbhú agus athsíolrú sloic soláthair, bóithre rochtana agus suíomhanna tuirbíní le féar dúchais agus síol fraoigh a baineadh go háitiúil.



Rianaítear leibhéil uisce sa dromchla móna ionas gur féidir tionchar na tógála ar an hidreolaíocht in aice láimhe a mhonatóiriú.

## Dramhaíl ar an suíomh a íoslaghdú

Tá an fhoireann tionscadail dírithe chomh maith ar dhramhaíl a íoslaghdú agus dá bhrí sin glacann sé le beartas chun laghdú, athúsáid agus athchúrsáil pé uair is féidir. Áirítear le samplaí:



Athúsáideadh nó athchúrsáileadh timpeall 95% de chomhábhair struchtúrtha a theastaigh chun campún an suímh a thógáil ó thionscadal roimhe seo.



Ionchorpraíodh aonad um ghabháil uisce báistí anois sa limistéar faoi dhíon a tógadh os cionn na n-umar díosail sa phríomhchampún chun uisce 'liath' a sholáthar do leithris an tsuímh.



Brúitear agus athúsáidtear an dramhaíl choincríte ar fad ar an suíomh mar líonadh ginearálta.



Seoltar gach dramhaíl in-athchúrsáilte ón suímh lena athchúrsáil. Cuirtear boscaí bruscair speisialta ar fáil sa chlós d'athchúrsáil oifige agus cuirtear scipeanna ar fáil sa phríomhchampún.



Athúsáidtear gach ábhar créfoirt ar an suíomh agus úsáidtear gach cartadh tochairle d'oibreacha bhallasta agus aislionta nó tírdhreachaithe nó sil-leagtar é ag limistéir silleagtha ar an suíomh.



Bailítear gach cadhnra ar an suíomh agus athchúrsáiltear iad. Bronntar €5 as gach bosca cadhnraí a líontar ar an Laura Lynn Foundation.

# Tagarmharc a leagan don chaighdeán is fearr san aicme

**Léirítear sa Pháipéar Bán ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn go maireann geilleagar agus sochaí na hÉireann ar fhuinneamh. Braitheann cumas na hÉireann chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh agus a choinneáil agus chun fiontar na hÉireann a chothabháil ar sholáthar slán, inbhuanaithe fuinnimh a fháil ar chostas iomaíoch. Léirítear sa tuarascáil seo na tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a léiríonn Páirc Ghaoithe na Gaillimhe, agus tionscadail eile um fuinneamh in-athnuaite, do phobail thuaithe, do gheilleagar náisiúnta na hÉireann agus don timpeallacht domhanda.**

Beidh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe ar an bhfeirm ghaoithe intíre is mó in Éirinn agus seachadfaidh sí fuinneamh in-athnuaite chuig timpeall 89,000 teach sa bhliain, ag cuidiú leis an gcarbón a scaoiltear amach san atmaisféar ó ghiniúint fuinnimh breosla iontaise a sheachchur. Agus muid ag bogadh i dtreo córas fuinnimh dícharbónaithe, beidh ról níos suntasaí le himirt ag saoránaigh agus ag pobail na hÉireann. Mhúin an tionscadal seo do na páirtithe ar fad faoin tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht, páirtíocht agus tacaíocht ó áititheoirí áitiúla, baill an phobail, gnólaigh agus ionadaithe toghcháin.

Is é is ciall le tionscadal den chaighdeán is fearr an tacaíocht agus an comhoibriú uathu siúd a raibh tionchar orthu a aithint. Agus Páirc Ghaoithe na Gaillimhe ag bogadh i dtreo na céime oibríochtúla ag deireadh 2017, cuirfear an ciste pobail feirm ghaoithe is mo in Éirinn i bhfeidhm ar feadh shaolré na páirce gaoithe – a chuirfidh infheistíocht ar fáil do thionscadail phobail i bhfad os cionn an €150,000 a bronnadh ar ghrúpaí áitiúla i rith na céime tógála.

Ach níl sa chiste pobail ceannródaíoch ach bealach amháin gur cheart do thionscadal chomh mór luach a sheachadadh do cheantar áitiúil. Ó na luathchéimeanna pleanála, ghlac SSE agus Coillte d'aon turas le cur chuige um thairbhí geilleagair áitiúil a uasmhéadú, na scileanna atá ag an bhfórsa saothair áitiúil a úsáid agus earraí agus seirbhísí a fháil ó ghnólaigh nuair is féidir.

Caitheadh os cionn €20m go díreach le soláthraithe áitiúla agus ar chonraitheoirí suite laistigh de 30km de Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe agus, i rith bhuaicphointe na tógála, bhí 63% d'oibrithe conartha sibhialta 43% d'oibrithe conartha eangaí ina gcónaí laistigh de 30km den suíomh ag buaicphointe na tógála. Ag leibhéal náisiúnta, tá €88.7m curtha le GDP na hÉireann agus níos mó ná 1,657 bliain d'fhostaíocht lánaimseartha arna thacú in Éirinn mar thoradh ar chaiteachas tógála go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2016, agus timpeall bliain eile tógála le teacht go fóill. Ag dul níos faide ná an tógáil, cruthófar fostaíocht fadtéarmach freisin do suas le 14 fostaí oibríochta lánaimseartha.

Agus Éire ag gluaiseacht i dtreo a tiomantais 2030 um fhuinneamh in-athnuaite a sheachadadh, tá tionscadail cosúil le Páirc Ghaoithe na Gaillimhe ag cuidiú le tagarmharc tionscail a leagan do sheachadadh tionscadail mhórsála den chaighdeán is fearr. Tá sé lárnach do rath aistriú fuinnimh na hÉireann tairbhí iomlána an fhuinnimh ghaoithe, do gach duine, a léiriú.

Tá SSE agus Coillte ag súil le bheith páirteach i bpobail a láithreoidh Páirc Ghaoithe na Gaillimhe sna 25 bliain amach romhainn, agus chun oidhreacht mharthanach a fhágáil do na pobail sin agus don cheantar níos leithne.



